**COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH**

**FODHLÍTHE ARNA nDÉANAMH FAOIN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 1994**

Fodhlíthe arna ndéanamh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (dá ngairfear "an Chomhairle" anseo feasta) i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le Cuid VII den Acht Rialtais Áitiúil 1994 i ndáil le hiompar dhaoine den phobal a úsáideann agus a bhfuil rochtain acu ar áiseanna na Comhairle sna háitribh éagsúla ina soláthraítear iad.

## CUID I

**Teideal:**

1. Fodhlíthe Chód Iompair na Comhairle 2002 is teideal do na Fodhlíthe seo.

**Léirmhíniú:**

2. Sna Fodhlíthe seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, beidh leis na focail seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh faoi seach, is é sin le rá

   (a) Ciallaíonn "Acht 1994" An tAcht Rialtais Áitiúil 1994.
   
   (b) Ciallaíonn "Duine údaraithe" aon duine atá fostaithe ag an gComhairle agus atá údaraithe i scríbhinn ag an gComhairle chun críocha na bhFodhlíthe seo.
   
   (c) Ciallaíonn "an Chomhairle" Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
   
   (d) Ciallaíonn "Áiseanna" seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle ina háitribh éagsúla e.g. oifigí, leabharlanna, linnte snámha etc.

**Tosach Feidhme na bhFodhlíthe:**

3. Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an 1 Iúil, 2002.

**Limistéar Feidhme:**

4. Baineann na Fodhlíthe seo leis na limistéir phoiblí éagsúla sna háitribh atá faoi úinéireacht agus ar áitiú ag an gComhairle.

## CUID II

5. Ní ghlactar leis an iompar seo a leanas faoi na Fodhlíthe seo:

   (a) Iompair a chuireann isteach ar úsáid agus taitneamh atá daoine eile ag baint as an áis.

   (b) Ciapadh ar fhoirne nó ar dhaoine den phobal trí caint mhaslach, chiníoch, gháirsiúil nó bhagrach a úsáid.

   (c) Foréigean a úsáid, nó bagairtí chun foréigean a úsáid i gcoinne na foirne agus/nó i gcoinne daoine den phobal.

   (d) Damáiste mailíseach a dhéanamh do mhaoin na Comhairle agus/nó í a ghoid.

   (e) Alcól agus drugaí aindleathacha a úsáid agus áiseanna na Comhairle á n-úsáid.

   (f) Tobac a chaitheamh i limistéir phoiblí laistigh d’áitreabh na Comhairle.

   (g) Maoin phearsanta a fhágáil gan duine ina bun ag aon áitreabh de chuid na Comhairle.

# CUID III

## Cionta

6. Beidh duine a sháróidh foráil na bhFodhlíthe seo ciontach i gcion agus, ar chiontú go hachomair, dlífear fíneáil nach mó ná €1,200 a chur air.

7. Beidh sé dleathach do dhuine údaraithe na Fodhlíthe seo a fhorfheidhmiú agus aon duine a sháraíonn na Fodhlíthe thuasluaite a eisiamh nó a bhaint as aon áitreabh de chuid na Comhairle agus cibé céimeanna a ghlacadh a údaraítear leis an dlí.

8. Beidh duine a chuireann cosc nó bac ar nó a dhiúltaíonn iarratas de chuid an duine údaraithe ag gníomhú dóibh i bhfeidhmeanna arna dtabhairt dóibh leis na Fodhlíthe seo ciontach i gcion.

9. I gcás gurb é tuairim duine údaraithe go bhfuil cion lena mbaineann na Fodhlíthe seo á dhéanamh nó déanta ag duine éigin, féadfaidh an duine údaraithe ainm agus seoladh a iarraidh ón duine sin agus, má dhiúltaíonn an duine sin a ainm agus a sheoladh a thabhairt nó má thugann an duine sin ainm nó seoladh a bheidh bréagach nó míthreorach, beidh an duine sin ciontach i gcion.

10. Féadfaidh an Chomhairle cion faoi na Fodhlíthe seo a ionchúiseamh.